# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10634 – CVC / GAMING1)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 167/07)

1. An 11 Aibreán 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra seo:

— CVC Capital Partners SICAV-FIS S.A ("CVC", Lucsamburg),

— Eintitis áirithe de chuid ghrúpa Gaming1 (an "Sprioc-chuideachta", an Bheilg).

Gheobhaidh CVC rialú ar an Sprioc-chuideachta ina hiomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna a dhéantar an comhchruinniú.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— CVC: Ciste cothromais phríobháidigh a sholáthraíonn comhairle infheistíochta do chistí infheistíochta, agus a bhainistíonn infheistíochtaí thar ceann cistí infheistíochta. Tá leasanna ag CVC i gcuideachtaí i dtionscail éagsúla, tionscal na gceimiceán, tionscal na bhfóntas, tionscal na déantúsaíochta, tionscal an mhiondíola agus tionscal an dáileacháin san áireamh.

— An Sprioc-chuideachta: Tá casaíní, hallaí cearrbhachais agus gníomhaireachtaí gealltóireachta aici sa Bheilg, sa Fhrainc agus san Eilvéis, agus tá sí gníomhach maidir feidhmiú suíomhanna gréasáin cearrbhachais ar líne (casaíní agus gealltóireacht spóirt) agus feidhmchlár soghluaiste cearrbhachais ar líne sa Bheilg, i Málta, sa Phortaingéil, sa Fhrainc, san Eilvéis, sa Spáinn, sa tSeirbia, sa Cholóim agus sna Stáit Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.10634 – CVC / GAMING1

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË